Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceol

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## ROINN A – CUMADÓIREACHT SÉISE (40 marc)
## C.1 LEANÚINT D'OSCAILT A THUGTAR

| C | | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|---|
| 1 | A | • An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis.<br>• Tuiscint shármhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint shármhaith ar threo agus ar bhuaicphointe.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 34 – 40 |
| | B | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 28 – 33 |
| | C | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 22 – 27 |
| | D | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Forbairt éigin ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint éigin ar threo agus ar bhuaicphointe.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 16 – 21 |
| | E | • Is beag ábhar séiseach agus rithimeach atá ann.<br>• Gan ach beagán tuisceana ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Gan ach beagán forbartha ar smaointe oscailte.<br>• Gan ach beagán tuisceana ar threo.<br><br>*Comharthaí seanma neamhoiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis neamhoiriúnach roghnaithe.* | 10 – 15 |
| | F | • Droch-ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte.<br>• Drochthuiscint ar threo.<br><br>*Gan aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Gan aon uirlis roghnaithe* | 4 – 9 |
| | NG | • Gan aon iarracht nó gan ach fíorbheagán iarrachta déanta. | 0 – 3 |

## C.2 CEOL A CHUR LE TÉACS A THUGTAR

| C | Tuairiscíní | | Marc |
|---|---|---|---|
| 2 | A | • Stíl agus samhlaíocht shármhaith á léiriú.<br>• Nascadh sármhaith idir focail agus ceol.<br>• Tuiscint shármhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Tuiscint shármhaith ar threo agus ar bhuaicphointe.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.* | 34 – 40 |
| | B | • An-éifeachtach ó thaobh na séise agus na rithime de.<br>• Nascadh an-mhaith idir focail agus ceol.<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.* | 28 – 33 |
| | C | • Tuiscint mhaith ar scríobh séise.<br>• Cóiriú maith ar na focail.<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.* | 22 – 27 |
| | D | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach.<br>• Tuiscint réasúnta ar chóiriú focal.<br>• Tuiscint réasúnta ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Tuiscint réasúnta ar threo agus ar bhuaicphointe.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.* | 16 – 21 |
| | E | • Beagán d'ábhar séiseach.<br>• Beagán d'iarracht ar chóiriú focal.<br>• Beagán tuisceana ar chruth agus ar struchtúr.<br>• Beagán tuisceana ar threo.<br><br>*Comharthaí seanma neamhoiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.* | 10 – 15 |
| | F | • Droch-ábhar séiseach.<br>• Gan cóiriú ach ar éigean ar fhocail.<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar struchtúr<br>• Drochthuiscint ar threo.<br><br>*Comharthaí seanma (míriú agus dinimic) gan a bheith curtha isteach* . | 4 - 9 |
| | NG | • Gan ach fíorbheagán iarrachta déanta nó gan aon iarracht déanta. | 0 - 3 |
| | | • Gan iarracht ar chóiriú focal. | 0 |

## C.3 CUMADÓIREACHT DO RITHIM NÓ DO MHEADARACHT NÓ D'FHOIRM DAMHSA A THUGTAR

| C | | Tuairiscíní | Marc |
|---|---|---|---|
| 3 | A | • An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis.<br>• Tuiscint shármhaith ar chruth agus ar an struchtúr a thugtar.<br>• Sárfhorbairt ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint shármhaith ar threo agus ar bhuaicphointe.<br>• Modhnú sármhaith go dtí an ceannasach.<br>• Coinnítear iomláine na rithime agus stíl an damhsa go gléasta.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 34 – 40 |
| | B | • Tuiscint an-mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint an-mhaith ar chruth agus ar an struchtúr a thugtar.<br>• Forbairt an-mhaith ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe<br>• Modhnú an-mhaith go dtí an ceannasach.<br>• Coinnítear iomláine na rithime agus stíl an damhsa go han-mhaith.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 28 – 33 |
| | C | • Tuiscint mhaith ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint mhaith ar chruth agus ar an struchtúr a thugtar.<br>• Forbairt mhaith ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe.<br>• Modhnú go dtí an ceannasach gan deimhniú.<br>• Iarracht mhaith ar iomláine na rithime sa damhsa a choinneáil.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 22 – 27 |
| | D | • Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Tuiscint éigin ar chruth agus ar an struchtúr a thugtar.<br>• Forbairt éigin ar smaointe oscailte.<br>• Tuiscint éigin ar threo agus ar bhuaicphointe.<br>• Modhnú go dtí an ceannasach gan rath.<br>• Coinnítear iomláine na rithime sa damhsa go réasúnta maith.<br><br>*Comharthaí seanma oiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis oiriúnach roghnaithe.* | 16 – 21 |
| | E | • Is beag an tuiscint ar ábhar séiseach agus rithimeach atá ann.<br>• Is beag an tuiscint ar chruth agus ar an struchtúr a thugtar.<br>• Is beag an fhorbairt ar smaointe oscailte atá ann.<br>• Is beag an tuiscint ar threo atá ann.<br>• Gan iarracht ar mhodhnú go dtí an ceannasach.<br>• Gan mórán tuisceana ar rithim an damhsa.<br><br>*Comharthaí seanma neamhoiriúnacha (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Uirlis neamhoiriúnacha roghnaithe.* | 10 – 15 |
| | F | • Drochthuiscint ar ábhar séiseach agus rithimeach.<br>• Drochthuiscint ar chruth agus ar an struchtúr a thugtar.<br>• Drochfhorbairt ar smaointe oscailte.<br>• Drochthuiscint ar threo.<br>• Gan iarracht ar mhodhnú go dtí an ceannasach.<br>• Drochthuiscint ar rithim an damhsa.<br><br>*Gan aon chomharthaí seanma (míriú agus dinimic) curtha isteach.*<br>*Gan aon uirlis roghnaithe.* | 4 - 9 |
| | NG | • Gan ach fíorbheagán iarrachta déanta nó gan aon iarracht déanta. | 0 - 3 |

**ROINN B – ARMÓIN (60 marks)**
**C.4 CUMADÓIREACHT NÓTAÍ SÉISE AGUS DORDNÓTAÍ Ó SHRAITH CORDAÍ**

| C | | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|---|
| 4 | Séis | A | An stíl agus an tsamhlaíocht sármhaith sa tséis agus sárthuiscint ar ghléas an cheoil, ar an mbunstruchtúr armónach agus ar fhorbairt smaointe oscailte. Tuiscint shármhaith ar threo agus ar bhuaicphointe. | 34 – 40 | 40 |
| | | B | An stíl agus an tsamhlaíocht an-mhaith sa tséis agus tuiscint an-mhaith ar ghléas an cheoil, ar an mbunstruchtúr armónach agus ar fhorbairt smaointe oscailte. Tuiscint an-mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe. | 28 – 33 | |
| | | C | An stíl agus an tsamhlaíocht go maith sa tséis agus tuiscint mhaith ar ghléas an cheoil, ar an mbunstruchtúr armónach agus ar fhorbairt smaointe oscailte. Tuiscint mhaith ar threo agus ar bhuaicphointe. | 22 – 27 | |
| | | D | Tuiscint réasúnta ar ábhar séiseach agus rithimeach, agus tuiscint réasúnta ar gléas an cheoil agus ar an struchtúr armónach. Forbairt réasúnta ar smaointe oscailte. Oireann na nótaí do na cordaí de ghnáth. | 16 – 21 | |
| | | E | Roinnt ábhar séiseach agus rithimeach. Gan mórán tuisceana ar an struchtúr armónach. Oireann roinnt nótaí do na cordaí. | 10 – 15 | |
| | | F | Gan chruth. Ní oireann ach fíorbheagán nótaí do na cordaí. | 4 - 9 | |
| | | NG | Gan ach fíorbheagán iarrachta déanta nó gan aon iarracht déanta. | 0 - 3 | |
| | Dord | | .5 de mharc in aghaidh gach dordnóta atá ceart faoi gach siombail chorda má bhíonn an nóta tribile sa tséis ceart freisin. (0.5 × 21) | 10.5 | 20 |
| | | | Cáilíocht na dordlíne, tuiscint ar cheolmhaireacht agus ar stíl, agus eolas teicniúil san áireamh. (See table below.) | 9.5 | |

| Cáilíocht na Dordlíne | |
|---|---|
| Dordlíne shármhaith; ceolmhar agus sárthuiscint ar stíl. | 8 – 9.5 |
| Dordlíne an-mhaith; ceolmhar agus tuiscint an-mhaith ar stíl. | 6 – 7 |
| Dordlíne mhaith; ceolmhar agus tuiscint mhaith ar stíl. | 4 - 5 |
| Dordlíne réasúnta maith; réasúnta ceolmhar agus tuiscint éigin ar stíl. | 2 - 3 |
| Dordlíne neamhcheolmhar; gan a bheith ag teacht leis an stíl thugtha. | 0 - 1 |

## C.5 DORDNÓTAÍ AGUS COMHARTHAÍ CORDA A CHUMADH D'FHONN A THUGTAR

<table>
<tr><th>C</th><th colspan="2">Tuairiscíní</th><th colspan="2">Marc</th></tr>
<tr><td rowspan="4">5</td><td rowspan="2">Cordaí</td><td>1 mharc do gach corda ar chuid de réimniú maith é.</td><td>23</td><td rowspan="2">35</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht fhoriomlán na réimnithe ceoil agus na ndúntaí.<br>
<table>
<tr><th>Cáilíocht na Réimnithe Cordaí</th><th></th></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí sárcheolmhar.</td><td>11 – 12</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí an-cheolmhar.</td><td>8 - 10</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí ceolmhar.</td><td>5 – 7</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí réasúnta ceolmhar.</td><td>3 - 4</td></tr>
<tr><td>Réimnithe cordaí lag.</td><td>0 - 2</td></tr>
</table></td><td>12</td></tr>
<tr><td rowspan="2">Dord</td><td>0.5 de mharc in aghaidh gach dordnóta atá ceart faoi gach siombail chorda atá ceart. (0.5 x 26)</td><td>13</td><td rowspan="2">25</td></tr>
<tr><td>Cáilíocht na dordlíne, tuiscint ar cheolmhaireacht agus ar stíl, agus eolas teicniúil san áireamh.<br>
<table>
<tr><th>Cáilíocht na Dordlíne</th><th></th></tr>
<tr><td>Dordlíne shármhaith; ceolmhar agus sárthuiscint ar stíl.</td><td>11 – 12</td></tr>
<tr><td>Dordlíne an-mhaith; ceolmhar agus tuiscint an-mhaith ar stíl.</td><td>8 - 10</td></tr>
<tr><td>Dordlíne mhaith; ceolmhar agus tuiscint mhaith ar stíl.</td><td>5 – 7</td></tr>
<tr><td>Dordlíne réasúnta maith; réasúnta ceolmhar agus tuiscint éigin ar stíl.</td><td>3 - 4</td></tr>
<tr><td>Dordlíne neamhcheolmhar; gan a bheith ag teacht leis an stíl thugtha.</td><td>0 - 2</td></tr>
</table></td><td>12</td></tr>
</table>

## C.6 CUNTRA-SHÉIS NÓ FORSHÉIS AGUS TACA CORDÚIL A CHUR LE FONN A THUGTAR

| C | | | Tuairiscíní | Marc | |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Cordaí | | 1 mharc do gach corda a oireann don tséis agus ar cuid de réimniú maith cordaí é. (1 × 16)<br><br>Suas le 4 mharc do dhúntaí cearta. | 16 + 4 | **20** |
| | Forshéis | **A** | Líne na forshéise sármhaith laistigh den chreat armónach.<br>Cloítear go sármhaith le stíl dhá pháirte tríd síos. | 34 – 40 | **40** |
| | | **B** | Líne na forshéise an-mhaith, agus oireann go maith thar an struchtúr armónach.<br>Coinnítear stíl dhá pháirte na hoscailte tugtha go han-mhaith. | 28 – 33 | |
| | | **C** | Líne na forshéise agus an cruth maith. Oireann an tséis don struchtúr armónach.<br>Iarracht mhaith ar stíl dhá pháirte na hoscailte a choinneáil. | 22 – 27 | |
| | | **D** | Líne na forshéise agus an cruth réasúnta. Oireann na nótaí do na cordaí de ghnáth.<br>Iarracht éigin ar stíl dhá pháirte na hoscailte a choinneáil. | 16 – 21 | |
| | | **E** | Oireann roinnt de na nótaí do na cordaí. Is beag iarracht atá déanta an stíl a choinneáil. Is beag tuiscint a léirítear ar an struchtúr.<br>Is beag tuiscint a léirítear ar eolas teicniúil. | 10 – 15 | |
| | | **F** | Ní oireann ach beagán de na nótaí do na cordaí. Gan mórán iarrachta ar an stíl a choinneáil. | 4 - 9 | |
| | | **NG** | Gan ach fíorbheagán iarrachta déanta nó gan aon iarracht déanta. | 0 - 3 | |

| | Tuairiscíní | Marc | Iomlán |
|---|---|---|---|
| A | Sárleibhéal cruthaitheachta agus úrmhaireachta, agus sárthuiscint ar phrionsabail na cumadóireachta, an ionstraimithe nó an chóiriúcháin. Nodaireacht oiriúnach agus cur síos mionsonraithe ar phróiseas na cumadóireachta san áireamh. | 85 – 100 | 100 |
| B | Leibhéal an-mhaith cruthaitheachta agus úrmhaireachta, smacht an-mhaith á léiriú ar scileanna cumadóireachta, nodaireacht oiriúnach. Cur síos an-mhaith ar phróiseas na cumadóireachta. | 70 – 84 | |
| C | Leibhéal maith cruthaitheachta agus úrmhaireachta, smacht maith ar ghnéithe ceoil agus nodaireacht oiriúnach. Cur síos maith ar phróiseas na cumadóireachta. | 55 – 69 | |
| D | Buntuiscint ar an gcumadóireacht gan mórán fianaise ar úrmhaireacht. Nodaireacht imleor agus cur síos imleor ar phróiseas na cumadóireachta. | 40 – 54 | |
| E | Ní léiríonn an t-ábhar a chuirtear i láthair mórán fianaise ar bhunscileanna na cumadóireachta. Gan nodaireacht imleor. Gan aon mhionsonra de phróiseas na cumadóireachta sa chur síos. | 25 – 39 | |
| F | Gan aon fhiúntas nó gan ach beagán fiúntais. Gan nodaireacht leis an gcumadóireacht. Gan aon chur síos ar próiseas na cumadóireachta san áireamh. | 0 - 24 | |

## Nótaí Ginearálta do na Scrúdaitheoirí

1. Déan cáilíocht fhoriomlán na ráiteas agus na gcur síos a mharcáil. Ní féidir lánmharcanna a bhronnadh ach amháin as ráiteas nó as cur síos atá ceart ina iomláine.

2. Aon áit a bhfuil rogha ceisteanna le freagairt (C5B), má fhreagraíonn iarrthóir níos mó ná ceist amháin, marcáil na freagraí go léir agus bronn na marcanna a ghnóthaítear leis an bhfreagra is fearr.

3. I gceisteanna ina n-iarrtar ar na hiarrthóirí líon áirithe gnéithe nó uirlisí, etc. a shainaithint, a ainmniú nó a roghnú, cealaíonn gach freagra mícheart freagra ceart.

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Sliocht 1 | | *Coinséartó don Phianó in Mórghléas A K488* le Mozart<br>*An Tríú Gluaiseacht, na barraí 1 – 16.*<br>Alfred Brendel *piano*. The Academy of St.Martin in the Fields, conductor Neville Marriner. Phillips Classics, CD 464 719-2 | | 11 | 25 |
| | | (i) | An foilsiú<br>1ú cuid / (Cuid) A = 1 mharc<br><br>Allegro Assai | 3<br><br><br>1 | | |
| | | (ii) | léim(eanna) ochtach(a); scála(í) (suas/síos); léim 5each; gluaiseacht chamánach ; cordaí briste; tríchordach; nóta(í) maise; ornáidiú; sosanna; gné bhailí eile ar bith. | 1 | | |
| | | (iii) | Dord Alberti; cordaí briste (sa lámh chlé); gluaiseacht chamánach<br>Suas le 2 mharc as cur síos ar ghné bhailí amháin. | 2 | | |
| | | (iv) | Scála suas | 1 | | |
| | | (v) | Suas le 2 mharc as cur síos ar dhifríocht bhailí amháin. | 2 | | |
| | | (vi) | Dúnadh foirfe/lándúnadh | 1 | | |
| | Sliocht 2 | | *Na barraí 62 – 105* | | 5 | |
| | | (i) | An dara figiúr | 2 | | |
| | | (ii) | Ar chláirnéidí | 1 | | |
| | | (iii) | Suas le 2 mharc as cur síos ar ghné bhailí amháin. | 2 | | |
| | Sliocht 3 | | *Na barraí 176 – 201* | | 9 | |
| | | (i) | *Pizzicato*; nóta troitheánach/marthanach; cordaí;<br>Suas le 2 mharc as gné bhailí amháin ar bith. | 2 | | |
| | | (ii) | Ar an bpianó amháin; | 2 | | |
| | | (iii) | Foirm Shonáidrondó<br><br>Suas le 4 mharc as cur síos ceart ar fhoirm na gluaiseachta seo. | 1<br><br>4 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2 | | | *Symphonie Fantastique* le Berlioz<br>*Gluaiseacht 2, na barraí 120 – 158*<br>London Philharmonic Orchestra, conductor Zubin Mehta<br>Apex 8573 895332. | | 10 | 10 |
| | | (i) | Fliúit(eanna) / obó(nna) / cláirnéid(í) | 1 | | |
| | | (ii) | F<br>F. Glac le C. | .5<br>.5 | | |
| | | (iii) | Suas le 2 mharc as cur síos ar ghné bhailí amháin, mar shampla:<br>tremolo sna téaduirlisí; cordaí briste suas/síos; réthionlacan/tionlacan ar nós válsa; aon ghné bhailí ar bith eile. | 2 | | |
| | | (iv) | Suas le 2 mharc as cúis bhailí amháin, mar shampla:<br>cloistear séis/an *idée fixe* i gcoinne giotaí den phríomhthéama/ de théama an válsa; cloistear giotaí den phríomhthéama/ de théama an válsa in aithris; aon chúis bhailí ar bith eile. | 2 | | |
| | | (v) | *idée fixe*<br><br>Suas le 3 mharc as cur síos ar conas a úsáidtear an *idée fixe* in Un Bal agus Marche au Supplice. | 1<br><br>3 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 | | | *When I'm Sixty-four* le *John Lennon & Paul McCartney, an tríú véarsa.*<br>Sgt Pepper's Lonely Hearts Club Band. EMI Records Ltd. CDP 7 46442-2 | | 10 | 10 |
| | | (i) | Cláirnéid(í) / dordchláirnéid<br><br>Suas le 2 mharc as cur síos bailí, mar shampla:<br>seinntear an chláirnéid in armóin le líne an ghutha;<br>seinntear séis nua/cuntrashéis ar an gcláirnéid;<br>aon ghné bhailí ar bith eile.<br><br>seinntear an dordchláirnéid ar an 1ú croisín agus an 3ú croisín den bharra; seinntear fréamh an chorda agus cúigeach an chorda ar an dordchláirnéid; aon ghné bhailí ar bith eile. | 1<br><br>2 | | |
| | | (ii) | An dara figiúr | 2 | | |
| | | (iii) | Aon mharc an ceann as dhá ghné chearta, mar shampla:<br>séis thríchordach; gluaiseacht chrómatach/de réir céime; athdhéanamh; tréach (3ach) maol; nótaí athdhéanta;<br>rithim phoncaithe/luascach; sioncóipiú; luas breise curtha leis an teip; aon ghné bhailí ar bith eile. | 1 + 1 | | |
| | | (iv) | Aon mharc amháin as stíl cheart amháin:<br>snagcheol; ragcheol; cónasc den snagcheol nó den ragcheol agus den cheol clasaiceach/den phopcheol nó den snagcheol agus den ragcheol lena céile; cónasc den cheol clasaiceach agus den popcheol; glac le ceol 'hallaí ceoil' / vaudeville; | 1 | | |
| | | (v) | Dhá dhifríocht bhailí. | 1 + 1 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4 | | | *Seachanges with Danse Macabre* le *Raymond Deane, na barraí 73 – 85*<br>Seachanges-Raymond Deane. Black box Music Limited. BBM1014 | | 10 | 10 |
| | | (i) | An Phríomhshéis | 1 | | |
| | | (ii) | Ciombal (ciombail)/crótáil/gang/bata báistí<br><br>Trí chnaguirlis chearta ar bith | .5<br>+<br>.5<br>+<br>.5 | | |
| | | (iii) | Suas le 1.5 mharc as cur síos ar ghné bhailí amháin, mar shampla:<br><br>cordaí marthanacha; cordaí díshondacha; cordabhraislí; aon ghné bhailí ar bith eile. | 1.5 | | |
| | | (iv) | inbhéartú / méadú / prionsabal an dealaithe<br><br>Suas le 2 mharc as aon chur síos ceart ar bith ar an teicníc chumadóireachta a léirítear: inbhéartú / méadú / prionsabal an dealaithe | 1<br><br>2 | | |
| | | (v) | Suas le 1.5 mharc an ceann as 2 dhifríocht bhailí. | 1.5<br>+<br>1.5 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 5A | Sliocht 1 | | Tatter Jack Walsh á sheinm ag Gerry O'Connor. *Time to Time*<br>*Mulligan Records LUN CD 3051* | | 2 | 25 |
| | | (i) | Port (singil/dúbailte)<br>6/8 | .5<br>.5 | | |
| | | (ii) | Barra ceart ar bith de rithim an phoirt shingil/dhúbailte | .5 | | |
| | | (iii) | bainseó<br>glac le maindilín / mandóla / basúcaí | .5 | | |
| | Sliocht 2 | | *Dolores Kean and John Faulkner. Galway Bay*<br>*His Master's Voice. A Treasury Of Irish Traditional Music. HMV CD 001* | | 7 | |
| | | (i) | ABBA | 2 | | |
| | | (ii) | An nóta deireanach athdhéanta | 1 | | |
| | | (iii) | Suas le 2 mharc an ceann as 2 chúis bhailí. | 2+2 | | |
| | Sliocht 3 | | *The Mighty Sparrow (live). Sharon Shannon*<br>*The Sharon Shannon Collection 1990 – 2005 DLCD012* | | 6 | |
| | | (i) | cairdín/bosca ceoil<br>Glac le consairtín / bosca/ cairdín pianó | 1 | | |
| | | (ii) | 1 mharc as gné bhailí amháin, mar shampla:<br>seinntear an tséis le hornáidiú;<br>ríl atá ann; tá an tonúlacht módúil;<br>7ach maol le cloisteáil;<br>gné bhailí ar bith eile. | 1 | | |
| | | (iii) | Suas le 2 mharc an ceann as cur síos ar 2 ghné bhailí,<br>mar shampla:<br>giotáir/drumaí/méarchlá(i)r le cloisteáil;<br>armóin/tionlacan le cloisteáil;<br>rithim shioncóipithe/sioncóipiú; cúlbhuille aiceanta;<br>gné bhailí ar bith eile. | 2+2 | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 5B | **Suas le 10 marc as cáilíocht na bhfreagraí agus as an eolas ar an topaic a roghnaíodh** | | | 10 | |
| | A | Sárthuiscint agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice. | 10 | | |
| | B | Eolas an-mhaith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe. | 8-9 | | |
| | C | Eolas maith ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 6-7 | | |
| | D | Roinnt pointí ginearálta ar an topaic, ach gan go leor mionsonraí. | 4-5 | | |
| | E | Freagairt neamhleor don topaic roghnaithe ar an iomlán. | 2-3 | | |
| | F | Gan freagairt ach ar éigean don topaic roghnaithe le feiceáil. | 1 | | |
| | NG | Gan freagairt ar bith don topaic roghnaithe le feiceáil. | 0 | | |

| C | Roinn | Cuid | Freagra | Marc | Fo-iom. | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 6 | Sliocht 1 | | *Danse Macabre OP 40 by Saint-Saens*<br>*Philharmonic Orchestra and Charles Dutoît* | | 8 | 20 |
| | | (i) | veidhlín(í)<br>Glac le vióla(í) / dordveidhil(í) | 2 | | |
| | | (ii) | ar an tríú buille den bharra | 2 | | |
| | | (iii) | Suas le 2 mharc as aon ghné bhailí ar bith | 2 | | |
| | | (iv) | athraíonn an ceol go mórghléas. | 2 | | |
| | Sliocht 2 | | Suas le 2 mharc an ceann as cur síos ar dhá dhifríocht bhailí. | 2+2 | 4 | |
| | Sliocht 3 | | Suas le 4 mharc as cur síos ar an uigeacht sa sliocht.<br><br>ilfhónach / canónach / aithris / fiúgach, gan cur síos ar bith = 2 mharc | 4 | 4 | |
| | Sliocht 4 | | Suas le 2 mharc an ceann as dhá chur síos bhailí, mar shampla:<br><br>scálaí síos ar veidhlíní; cnaguirlisí agus conas a úsáidtear iad; úsáid na ndinimicí; uigeacht ilfhónach; athrú sa luas/éiríonn an ceol níos mire/gasta/tapa; cur síos ar an rithim; cur síos bailí ar bith eile. | 2+2 | 4 | |

| Gné | | | Tuairiscíní | Marc | Iom. |
|---|---|---|---|---|---|
| Páipéar | 1 | | An teideal ar an topaic | - | 100 |
| | 2-4 | A | • Tuiscint shármhaith agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Tagairt shármhaith do na deich sliocht ceoil ar an taifeadadh a cuireadh isteach agus a léiríonn an ghné/na gnéithe atá á (b)plé.<br>• Taighde sármhaith le haithint, agus freagairt phearsanta shármhaith.<br>*Na foinsí sármhaith agus tagairtí sármhaithe do dhréachtaí ceoil/don chumadóir/don cheoltóir.* | 85 - 100 | |
| | | B | • Tuiscint an-mhaith agus eolas mionsonraithe ar ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Tagairt an-mhaith do na deich sliocht ceoil ar an taifeadadh a cuireadh isteach agus a léiríonn an ghné/na gnéithe atá á (b)plé.<br>• Taighde an-mhaith le haithint, agus freagairt phearsanta an-mhaith.<br>*Na foinsí an-mhaith agus tagairtí an-mhaith do dhréachtaí ceoil/don chumadóir/don cheoltóir.* | 70 - 84 | |
| | | C | • Eolas maith ar ghnéithe ceoil na topaice roghnaithe, ach mionsonraí in easnamh.<br>• Tagairt mhaith do na sleachta ceoil ar an taifeadadh a cuireadh isteach, nó do cuid díobh, a léiríonn go ginearálta an ghné/na gnéithe atá á (b)plé.<br>• Taighde maith le haithint, agus freagairt phearsanta mhaith.<br>*Na foinsí maith agus tagairtí maithe do dhréachtaí ceoil/ don chumadóir/don cheoltóir.* | 55 - 69 | |
| | | D | • Roinnt pointí ginearálta ar an topaic ach gan aon mhionsonraí ann.<br>• An topaic roghnaithe róleathan chun freagairt phearsanta, mhionsonraithe, chuí a bheith ann.<br>• Tagairt éigin do ghnéithe ceoil na topaice go léir, nó do cuid acu, agus do thaifeadtaí ceoil.<br>• Ní léiríonn na taifeadtaí ceoil na gnéithe san aiste / níl baint acu leo.<br>*Foinsí ginearálta in úsáid gan fócas faoi leith acu. Tagairt éigin do dhréachtaí ceoil/don chumadóir/don cheoltóir.* | 40 - 54 | |
| | | E | • Freagairt neamhleor ar an iomlán don topaic roghnaithe.<br>• Gan aon fhianaise, nó gan ach beagán fianaise, ar thaighde ná ar fhreagairt phearsanta.<br>• Gan aon tagairt, nó gan ach beagán tagairtí, do ghnéithe ceoil na topaice.<br>• Gan aon tagairt, nó gan ach beagán tagairtí, do thaifeadtaí ceoil.<br>*Foinsí neamhleor liostaithe agus tagairt neamhleor do dhréachtaí ceoil/don chumadóir/don cheoltóir.* | 25 - 39 | |
| | | F | Is beag an fhreagairt don topaic roghnaithe atá le haithint. | 10 - 24 | |
| | | NG | Ní léir aon fhreagairt don topaic roghnaithe. | 0 - 9 | |

**Féach ar Shiollabas Ceoil na hArdteistiméireachta – leathanach 12 – 2.3.5**

**100@10%**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 100 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 100 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 75 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 76 | 7 |
| 77 - 80 | 6 |
| 81 - 83 | 5 |
| 84 - 86 | 4 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 87 - 90 | 3 |
| 91 - 93 | 2 |
| 94 - 96 | 1 |
| 97 - 100 | 0 |